Ciall Cheannaithe

Oíche Nollag a bhí ann. Bhí mé agus mo chlann le mo sheanmathair agus mo sheanathair sa teach. D'itheamar ár lón. D'fhiafraigh mo sheanmháthair díom cad a bhí uaim don Nollaig. Ba mhaith liom coileán a mhínigh mé le dóchas I mo chroí. Ach dúirt mo thuismitheoirí liom nach mbeinn ag fáil madra nua. Dúirt mo sheanmháthair nach mbeinn ábálta aire a thabhairt do mhadra. "Ca bhfios duit?", a d'fhreagair mé léi. "Cheannaigh mé agus léigh mé leabhair faoi mhadraí ar an idirlíon freisin" Ar eagla na heagla, shocraigh mé ar rothar nua a fháil.

La Nollaig a bhi ann. Dhúisigh mé ar a seacht a chlog. Bhí mé ar bís. Rith mé síos go dtí an seomra suí. D'fhéach an mé ar an tábla caife agus bhí litir ann. Léigh mé an litir 'féach sa seomra beag in aice leis an seomra folchta. Rith mé go dtí seomra beag ar nós na gaoithe agus d'oscail mé an doras. Istigh sa seomra bhí conchró beag le coileán donn agus dubh ann. Bhí áthas an domhain orm. D'oscail mé doras an conchró agus chuir mé an madra i mo lámh. Bhí sé álainn, gleoite le fionnadh bog, mín air. Mhínigh mo thuismitheoirí dom go raibh freagrachtaí agam anois. Bhí an madra deich seachtaine d'aois. Bernard ab ainm dó. Bhí mé ar mhuin na muice leis. Gan aon agó bhíomar inár ndlúthchairde láithreach. Bhí sé lán de spraoi agus de chleasaí. Ba mhaith leis baint greim ar rudaí mar sin chuaigh me go dti an siopa peata agus cheannaigh mé feirín agus bréagán dó chun é a choimeád as trioblóid sa teach. D'fhan an madra sa choncró sa teach nuair nach raibh mé ann chun súil a choimeád air. Chuir mo Dhaid glas ar an doras. Scríobh mé a ainm 'Bernard' air . Chuaigh me ar siulóid le Bernard sa pháirc, ar an trá agus go teach mo chairde. Lá amháin, ghlaoigh mé ar mo Mham agus dúirt mé léi go raibh me ag dul amach chuig teach Phóil le Bernard. Dúirt sí nach raibh mé in ann é a thabhairt liom mar bhí sé ródhéanach sa tráthnóna, ach d'fheadfainn dul go teach Phóil I m'aonar. D'fhág mé slán le Bernard ach leis an deifir a bhí orm rinne mé dearmad ar an seomra a chur faoi ghlas sular imigh mé.

Nuair a d'fhill mé abhaile níos déanaí ba bheag nár thosaigh mé ag caoineadh, bhí Bernard ina shuí ar an tolg le pláta ina bhéal. Bhí an teach ina phraiseach. Bhí nuachtán agus páipéar stróicthe ar fud na háite agus gloiní agus gréithe briste i smidiríní ar úrlár na cistine. Nuair a tháinig mo thuismitheoiri abhaile, bhí siad le báiní. An tseachtain ina dhiaidh sin cheannaigh clann Úi Néil Bernard uainn.

Le Jonathan Codd